Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Eanáir 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0386(NLE)**

**16679/1/23
REV 1**

**ELARG 92**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Albáin a bhaineann leis na Comhchoistí Comhairliúcháin i gcomhar le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún, faoi seach, a bhunú agus le Rialacha Nós Imeachta Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais a leasú |

**CINNEADH (AE) 2024/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Albáin a bhaineann le Comhchoistí Comhairliúcháin a bhunú i gcomhar le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún, faoi seach, agus le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais a leasú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAlbáine, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú'), a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 2009/332/CE, Euratom[2] ón gComhairle agus ón gCoimisiún agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Aibreán 2009.

(2) Le hAirteagal 116 den Chomhaontú, bunaítear Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais ('an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais').

(3) Foráiltear le hAirteagal 117(2) den Chomhaontú go bhfuil an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais lena Rialacha Nós Imeachta a bhunú.

(4) Foráiltear le hAirteagal 120(4) den Chomhaontú go bhféadfaidh an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais cinneadh a dhéanamh coistí nó comhlachtaí speisialta eile a bhunú a bheidh in ann cabhrú léi a cuid dualgas a chomhlíonadh. Foráiltear freisin go bhfuil an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais le cinntiú, ina Rialacha Nós Imeachta, comhdhéanamh agus dualgais na gcoistí nó na gcomhlachtaí sin agus an chaoi a bhfuil siad le feidhmiú.

(5) Chuir údaráis na hAlbáine in iúl gur spéis leo dhá Chomhchoiste Comhairliúcháin a bhunú, ceann amháin le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ceann amháin le Coiste na Réigiún.

---

[1] IO L 107, 28.4.2009, lch. 166.

[2] Cinneadh 2009/332/CE, Euratom ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2009 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAlbáine, den pháirt eile (IO L 107, 28.4.2009, lch. 165)

(6) Is é is aidhm do na Comhchoistí Comhairliúcháin atá beartaithe cabhrú leis an gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais d'fhonn idirphlé agus comhar a chur chun cinn idir comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta san Aontas agus san Albáin, agus idir údaráis áitiúla agus réigiúnacha san Aontas agus san Albáin, faoi seach.

(7) Chuir an tAontas tús le caibidlíocht aontachais leis an Albáin an 19 Iúil 2022. Le dlús an idirphlé beartais i gcomhthéacs an Chomhaontaithe, rachaidh sé sin chun tairbhe do dhul chun cinn na hAlbáine maidir lena conair lánpháirtíochta san Aontas, go háirithe tríd an gcaidreamh idir údaráis ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach mar aon le comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta san Aontas agus san Albáin a neartú.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, na Comhchoistí Comhairliúcháin atá beartaithe a bhunú i gcomhar le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún, faoi seach, trí bhíthin leasú ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais, dá bhforáiltear in Airteagal 120(4) den Chomhaontú.

(9) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais a bhaineann leis an leasú ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an leasú sin don Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais arna bunú le hAirteagal 116 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAlbáine, den pháirt eile ('an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais') a bhaineann le Comhchoistí Comhairliúcháin a bhunú i gcomhar le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún, faoi seach, agus le leasú Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais mionleasuithe ar an dréachtchinneadh sin a ghlacadh gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*